Cuntas Leithreasa 2014

# Vóta 22

# An tSeirbhís Chúirteanna

## Réamhrá

Mar Oifigeach Cuntasaíochta le haghaidh Vóta 22, tá dualgas orm, gach bliain, chun an cuntas leithreasa don vóta a réiteach, agus chun an cuntas a chur faoi bhráid an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste lena iniúchadh.

De réir an riachtanais sin, d'ullmhaigh mé an cuntas atá ceangailte den mhéid a caitheadh sa bhliain dar críoch an 31 Nollaig 2014 maidir le tuarastail agus costais na Seirbhíse Cúirteanna agus na Cúirte Uachtaraí, na Cúirt Achomhairc, na hArd-Chúirte, na Cúirte Coiriúla Speisialta, na Cúirte Cuarda agus na Cúirte Dúiche agus roinnt mionseirbhísí eile nach ndéantar a ghearradh ar an Lárchiste.

Cuirtear an toradh maidir le caiteachas i gcomparáid leis na suimeanna arna ndeonú ag Dáil Éireann faoin Acht Leithreasa, 2014, lena n-áirítear an tsuim a d'fhéadfaí a úsáid mar leithreasaí i gcabhair ar mhaithe le caiteachas don bhliain.

Tá barrachas €1.43 milliún faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

Tá an Chúirt Achomhairc nua bunaithe agus tosaíodh ar shuíonna a thionól inti ar 5 Samhain 2014.

Tá an Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta agus nótaí 1 go 6 mar chuid den chuntas.

## An Ráiteas ar Bheartais agus Prionsabail Chuntasaíochta

Cuireadh na beartais agus na prionsabail chaighdeánacha chuntasaíochta maidir le cuntais leithreasa i bhfeidhm agus an cuntas seo á ullmhú seachas na nithe seo a leanas:

***Dímheas***

Déantar sócmhainní caipitiúla a dhímheas ar bhonn líne dhíreach thar a saolré ionchais mheasta ag tosú sa mhí inar cuireadh i bhfeidhm iad.

Déantar foirgnimh a dhímheas ar ráta 2% sa bhliain ar bhonn líne dhíreach.

Luacháiltear foirgnimh chúirte tar éis go ndéantar iad a dhílsiú sa tSeirbhís Chúirteanna. Bunaítear an luacháil ar luachanna margaidh mhaoin tráchtála sa cheantar.

## An Ráiteas ar Rialú Inmheánach Airgeadais

***Freagracht as an gcóras rialaithe inmheánaigh airgeadais***

Mar Oifigeach Cuntasaíochta, aithním an fhreagracht atá orm a chinntiú go ndéanann an tSeirbhís Chúirteanna córas éifeachtach rialaithe inmheánaigh airgeadais a chothabháil agus a fheidhmiú. Feidhmítear an fhreagracht seo i gcomhthéacs na n-acmhainní atá ar fáil dom agus mo dhualgais eile mar Phríomh-Oifigeach Feidhmiúcháin. Anuas air sin, ní féidir le haon chóras rialaithe inmheánaigh dearbhú réasúnta seachas iomlán a thabhairt go gcosnaítear sócmhainní, go n-údaraítear idirbhearta agus go gcuirtear i dtaifead iad i gceart agus go gcoisctear earráidí nó neamhrialtachtaí ábhartha nó go mbraithfí iad ar bhealach tráthúil. Próiseas leanúnach atá sa chóras rialaithe inmheánaigh a choimeád agus déantar athbhreithniú leanúnach ar an gcóras agus ar a éifeachtacht.

***Timpeallacht rialaithe airgeadais***

Deimhním go bhfuil timpeallacht rialaithe i bhfeidhm ina bhfuil na gnéithe a leanas

- sannadh freagrachtaí airgeadais agus freagracht chomhfhreagrach ar leibhéal bainistíochta
- bunaíodh socruithe tuairiscithe ar gach leibhéal sa chás gur sannadh freagracht as bainistíocht airgeadais
- tá nósanna imeachta foirmiúla i bhfeidhm chun laigí suntasacha rialaithe a thuairisciú agus gníomh ceartúcháin cuí a chinntiú.

***Rialuithe riaracháin agus tuairisciú bainistíochta***

Deimhním go bhfuil creatlach nósanna imeachta riaracháin agus tuairisciú rialta bainistíochta i bhfeidhm, lena n-áirítear leithdheighilt dualgas agus córas tairmligin agus freagrachta agus, go háirithe

- tá córas cuí buiséadta ann ag a bhfuil buiséad bliantúil ar a ndéanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithniú leanúnach
- déanann an bhainistíocht shinsearach athbhreithnithe rialta ar thuarascálacha tréimhsiúla agus bliantúla airgeadais a thugann feidhmíocht airgeadais le fios i leith na dtuartha
- oibrítear córas bainistíochta riosca laistigh den tSeirbhís Chúirteanna
- tá córais ann atá dírithe ar shlándáil na gcóras TFC a chinntiú
- tá na treoirlínte cuí rialaithe infheistíochta caipitil agus na dísciplíní foirmiúla bainistíochta tionscadal ann.

Cinntíonn an tSeirbhís Chúirteanna go gcuirtear fócas iomchuí ar an dea-chleachtas agus ceannaigh á ndéanamh agus go bhfuil nósanna imeachta i bhfeidhm le comhlíonadh na dtreoirlínte ábhartha ar fad a chinntiú. Chomhlíon an tSeirbhís Chúirteanna na treoirlínte seachas i gcás seacht gconradh ar luach €659,916. Síneadh na conarthaí seo thar an mbundáta conartha gan soláthar iomaíoch agus ní bhfuarthas athbhreithniú neamhspleách roimh chaiteachas, faoi mar a éilítear faoi Chiorclán 40/2002. Tá an tSeirbhís Chúirteanna i mbun tairiscintí a chur i bhfeidhm do na seirbhísí seo le linn 2015. Ina theannta sin, bhain mír amháin le conradh tarraingthe anuas a soláthraíodh go lárnach do sheirbhísí líne seasta ar luach €326,873, a síneadh thar an mbunchonradh. Tuigimid go bhfuil conradh nua á sholáthar go lárnach ag an Oifig um Sholáthar Rialtais do na seirbhísí seo le linn 2015. Ina theannta sin, ba ann do sheacht gconradh le soláthróirí aonair ar luach iomlan €1,312,250; mar gheall ar nádúr na gconarthaí seo níl siad faoi réir ag próiseas iomaíoch.

***An Coiste Iniúchta***

Is féidir liom a dheimhniú go bhfuil Coiste Iniúchta ag an tSeirbhís Chúirteanna. Fochoiste de Bhord na Seirbhíse Cúirteanna is ea an Coiste. Is é ról an Choiste chun maoirsiú, comhairle agus tacaíocht a sholáthar don Bhord agus don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin/Oifigeach Cuntasaíochta trí athbhreithniú a dhéanamh ar chuimsitheacht na ndearbhuithe ar réimse ábhar, lena n-áirítear iomláine na rialuithe inmheánacha airgeadais. Oibrítear an Coiste Iniúchta faoi chairt fhaofa scríofa agus seolann siad tuarascáil bhliantúil ar aghaidh chuig Bord na Seirbhíse Cúirteanna. Anuas air sin, déanann siad athbhreithniú agus maoirsiú ar an gclár bliantúil oibre Iniúchta Inmheánaigh.

***Iniúchadh Inmheánach***

Deimhním go bhfuil feidhm iniúchta inmheánaigh ag an tSeirbhís Chúirteanna ag a bhfuil an pearsanra ar ar cuireadh an oiliúint chuí, a oibríonn i gcomhréir leis an gcairt scríofa a d'fhaomh mé. Cuireann anailís ar na rioscaí airgeadais a bhfuil an tSeirbhís nochta dóibh faisnéis ar fáil d'obair an iniúchta inmheánaigh, agus tá a bpleananna bliantúla iniúchta inmheánaigh, arna bhfaomhadh agamsa, bunaithe ar an anailís seo. Tá sé d'aidhm ag na pleananna seo na príomhrialuithe a chuimsiú ar bhonn rollach thar thréimhse réasúnta. Déanaimse agus an Coiste Iniúchta athbhreithniú tréimhsiúil ar an bhfeidhm iniúchta inmheánaigh. Chuir mé nósanna imeachta i bhfeidhm lena chinntiú go leantar le tuarascálacha na feidhme iniúchta inmheánaigh.

***Seirbhís Comhroinnte***

Chomhlíon mé m'fhreagracht maidir le ceanglais Ionad Seirbhíse Comhroinnte Airgeadais Chill Airne chun seirbhísí comhroinnte airgeadais a sholáthar agus braithim ar litir dhearbhaithe ó Oifigeach Cuntasaíochta an Dlí agus Ceart agus Comhionannas um sheirbhísí comhroinnte a sholáthar don tSeirbhís Chúirteanna.

**Brendan Ryan**
Oifigeach Cuntasaíochta
An tSeirbhís Chúirteanna

31 Márta 2015

## An tArd-Reachtaire Cuntas agus Ciste
## Tuarascáil le cur faoi bhráid Thithe an Oireachtais

## Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna

Tá iniúchadh déanta agam ar an gcuntas leithghabhála do Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014 faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993. Ullmhaíodh an cuntas san fhoirm a forordaíodh ag an Aire Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe, de réir na mbeartas cuntasaíochta caighdeánacha agus na bprionsabal do chuntais leithghabhála.

***Freagracht an Oifigigh Chuntasaíochta***

De réir Ailt 22 an Achta um Ranna Státchiste agus Iniúchta 1866, tá iachall ar an Oifigeach Cuntasaíochta an cuntas leithghabhála a ullmhú. De réir an dlí, ní mór an cuntas a chur faoi mo bhráid faoi 31 Márta tar éis deireadh na bliana cuntais.

Tá an tOifigeach Cuntasaíochta freagrach freisin as cumhdach na gcistí poiblí agus na réadmhaoine sin atá faoina smacht, as an éifeachtacht agus as an mbarainneacht riaracháin sa Seirbhís Chúirteanna agus as rialtacht agus geanas gach idirbhirt sna cuntais leithreasa.

***Freagracht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste***

Tá iachall orm faoi Alt 3 d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993 iniúchadh a dhéanamh ar chuntais leithghabhála gach Vóta agus na tástálacha sin a chur i gcrích a measaim iad a bheith cuí do chuspóir an iniúchta.

Tar éis críochnú iniúchadh cuntais leithghabhála, tá iachall orm teastas a sholáthar a dhearbhaíonn más amhlaidh, i mo thuairim féin, go léiríonn an cuntas go cuí na fáltais agus an caiteachas a bhaineann leis an Vóta. Tá iachall orm freisin tagairt a dhéanamh d'aon chás ábhartha mar

- ar theip ar roinn nó ar oifig caiteachas a chur i bhfeidhm a taifeadadh sa chuntas do na cuspóirí a bhí i gceist leis na leithreasuithe a rinneadh ag an Oireachtas, nó
- nach gcloíonn na hidirbhearta a taifeadadh sa chuntas ag cloí leis an údarás faoina maíonn siad a bheith curtha i gcrích.

Faoi Alt 3 (10) d'Acht an Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste (Leasú) 1993, tá iachall orm tuarascáil a ullmhú gach bliain, faoi aon cheisteanna a eascraíonn as m'iniúchadh ar an gcuntas leithghabhála.

***Scóip an iniúchta***

Áirítear mar chuid d'iniúchadh scrúdú, ar bhonn tástála, fianaise a bhaineann le hábhar do shuimeanna agus do rialtacht na n-idirbheart airgeadais atá san áireamh sa chuntas chomh maith le measúnú i dtaca leis an gceist ar cloíodh le forálacha cuntasaíochta *Ghnáthaimh Airgeadais Phoiblí* na Roinne Caiteachais Phoiblí agus Athchóirithe.

Tá i gceist leis an iniúchadh dóthain fianaise a fháil le ráthaíocht réasúnta a sholáthar go bhfuil an cuntas leithghabhála saor ó mhíráiteas ábhartha, cibé acu mar gheall ar chaimiléireacht nó mírialtacht nó earráid eile. Déanaim iarracht freisin fianaise a fháil faoi rialtacht na n-idirbheart airgeadais le linn an iniúchta. Agus an tuairim iniúchta á cur in iúl, déantar measúnú faoi leordhóthanacht iomlán chur i láthair na faisnéise sa chuntas leithghabhála.

***Tuairim faoin gcuntas leithghabhála***

I mo thuairimse, léiríonn an cuntas leithghabhála go cuí fáltais agus caiteachas Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna don bhliain dar deireadh 31 Nollaig 2014.

Tá an fhaisnéis agus na míniúcháin ar fad faighte agam a measaim iad a bheith riachtanach do chuspóirí m'iniúchta. I mo thuairimse, coimeádadh leabhair chuí chuntais ag an tSeirbhís Chúirteanna. Réitíonn an cuntas leithghabhála leis na leabhair chuntais.

**Soláthar neamhiomaíoch**

Dírím aird ar an nochtadh sa Ráiteas Rialaithe Airgeadais Inmheánaigh ar na tosca ina ndearnadh seirbhísí ar luach a sholáthar le linn 2014 gan na treoirlínte soláthair a chomhlíonadh.

**Seamus MacCárthaigh**
Ard-Reachtaire Cuntas agus Ciste

27 Lúnasa 2015

# Vóta 22 An tSeirbhís Chúirteanna
# Cuntas Leithreasa 2014

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | | Soláthar Meastacháin | | Toradh | Toradh |
| | | €000 | €000 | €000 | €000 |
| **Caiteachas clár** | | | | | |
| A | Na cúirteanna a bhainistiú agus tacú leis na breithiúna | | | | |
| | *Bunaidh* | 104,565 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,188 | | | |
| | | | 106,753 | 105,399 | 104,647 |
| | **Ollchaiteachas** | | **106,753** | **105,399** | **104,647** |
| | *Lúide* | | | | |
| B | **Leithreasaí i gcabhair** | | | | |
| | *Bunaidh* | 46,535 | | | |
| | *Forlíontach* | 2,187 | | | |
| | | | **48,722** | **48,797** | **46,838** |
| | **Glanchaiteachas** | | | | |
| | *Bunaidh* | 58,030 | | | |
| | *Forlíontach* | 1 | | | |
| | | | **58,031** | **56,602** | **57,809** |

**Barrachas atá le tabhairt suas**

Tá barrachas na suime a soláthraíodh a sháraigh an ghlansuim a caitheadh faoi dhliteanas lena thabhairt suas don Státchiste.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | € | € |
| Barrachas le forghéilleadh | 1,429,334 | 515,170 |

**Anailís ar chaiteachas riaracháin**

| | | | | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Soláthar** | **Meastacháin** | **Toradh** | **Toradh** |
| | | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| i | Tuarastail, pánna agus liúntais | | | 47,679 | 47,139 | 49,012 |
| ii | Taisteal agus cothabháil | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,663 | | | |
| | | *Forlíontach* | 82 | 2,745 | 2,912 | 2,881 |
| iii | Oiliúint agus forbairt agus costais theagmhasacha | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 7,286 | | | |
| | | *Forlíontach* | (899) | 6,387 | 5,761 | 5,812 |
| iv | Seirbhísí poist agus teileachumarsáide | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 2,291 | | | |
| | | *Forlíontach* | 24 | 2,315 | 2,275 | 2,476 |
| v | Trealamh oifige agus seirbhísí seachtracha TF | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 4,381 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,826 | 6,207 | 6,237 | 6,052 |
| vi | Costais áitreabh na hoifige | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 13,122 | | | |
| | | *Forlíontach* | 1,867 | 14,989 | 13,681 | 15,601 |
| vii | Seirbhísí sainchomhairleoireachta agus luach ar airgead agus athbhreithnithe beartais | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 100 | | | |
| | | *Forlíontach* | (34) | 66 | 76 | 67 |
| | | | | 80,388 | 78,081 | 81,901 |

# Nótaí leis an gCuntas Leithreasa

## 1 Ráiteas ar Chostas Oibríochta 2014

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Costas clár | | 27,318 | 22,746 |
| Pá | | 47,139 | 49,012 |
| Neamhphá | | 30,942 | 32,889 |
| **Ollchaiteachas** | | **105,399** | **104,647** |
| *Lúide* | | | |
| **Leithreasaí i gcabhair** | | **48,797** | **46,838** |
| **Glanchaiteachas** | | **56,602** | **57,809** |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní caipitiúla** | | | |
| Ceannach (airgead tirim) | (730) | | |
| Caillteanas ar dhiúscairtí | 6 | | |
| Dímheas | 6,662 | | |
| | | 5,938 | 6,742 |
| | | | |
| **Athruithe ar shócmhainní faoi fhorbairt** | | | |
| Íocaíochtaí airgid thirim | (2,038) | (2,038) | (685) |
| | | | |
| **Athruithe ar ghlansócmhainní reatha** | | | |
| Méadú ar fhabhruithe deiridh | 582 | | |
| Laghdú ar stoc | 4 | | |
| | | 586 | 832 |
| **Caiteachas díreach** | | **61,088** | **64,698** |
| | | | |
| Glanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara (nóta 1.1) | | 38,260 | 39,005 |
| Measchíosanna | | 3,342 | 3,331 |
| **Glanchostas clár** | | **102,690** | **107,034** |

**1.1 Glanchaiteachas ar Sheirbhísí Gaolmhara**

Is éard atá sa ghlanchaiteachas ar sheirbhísí comhghaolmhara na suimeanna measta a leanas i dtaca le Vóta 22 a tabhaíodh in áiteanna eile

| | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** |
| **Vóta:** | | | |
| Vóta 9 Oifig na gCoimisinéirí Ioncaim | m | 150 | 150 |
| Vóta 12 Aoisliúntas agus Liúntais Scoir | m | 7,495 | 7,073 |
| Vóta 13 Oifig na nOibreacha Poiblí | m | 1,003 | 1,103 |
| Vóta 20 an Garda Síochána | m | 187 | 177 |
| Vóta 24 Dlí agus Cirt agus Comhionannas – Ionad Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais | m | 460 | 737 |
| An Lárchiste – Tuarastail agus pinsin bhreithiúnacha | m | 28,965 | 29,765 |
| | | **38,260** | **39,005** |

Tugann “m” le fios gur luach measta nó costas cionroinnte atá san uimhir.

## 2 An Clár Comhardaithe amhail an 31 Nollaig 2014

| | Nóta | 2014<br>€000 | 2013<br>€000 |
|---|---|---|---|
| **Sócmhainní caipitil** | 2.2 | 215,100 | 198,883 |
| **Sócmhainní caipitil faoi fhorbairt** | 2.3 | 1,870 | 2,655 |
| | | **216,970** | **201,538** |
| **Sócmhainní reatha** | | | |
| An Banc agus airgead tirim | 2.4 | 898 | 2,223 |
| Stoic | 2.5 | 224 | 228 |
| Réamhíocaíochtaí | | 2,213 | 2,861 |
| Ioncam fabhraithe | | 1,787 | 2,764 |
| Iarmhéideanna dochair eile | 2.6 | 2,092 | 1,069 |
| **Sócmhainní iomlána reatha** | | **7,214** | **9,145** |
| **Lúide dliteanais reatha** | | | |
| Costais fhabhraithe | | 2,164 | 3,214 |
| Iarmhéideanna creidmheasa eile | 2.7 | 2,460 | 2,768 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 2.8 | 530 | 524 |
| **Dliteanais iomlána reatha** | | **5,154** | **6,506** |
| **Glansócmhainní reatha** | | **2,060** | **2,639** |
| **Glansócmhainní** | | **219,030** | **204,177** |
| **Arna léiriú ag:** | | | |
| **An Cuntas um Chistiú stáit** | 2.1 | **219,030** | **204,177** |

| **2.1 An Cuntas um Chistiú Stáit** | **Nóta** | | **2014** | **2013** |
|---|---|---|---|---|
| | | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | | | 204,177 | 220,280 |
| Íocaíochtaí amach ón Vóta | | | | |
| Soláthar meastacháin | Cuntas | 58,031 | | |
| Barrachas le forghéilleadh | Cuntas | (1,429) | | |
| Glanvóta | | | 56,602 | 57,809 |
| Caiteachas (airgead tirim) a tabhaíodh in áiteanna eile | 1 | | 38,260 | 39,005 |
| Caiteachas neamhairgid - measchíos | 1 | | 3,342 | 3,331 |
| Earraí neamhairgid eile | | | 21,542 | (9,002) |
| Sócmhainní caipitil faoi fhorbairt | 2.3 | | (2,203) | (212) |
| Glanchostas clár | 1 | | (102,690) | (107,034) |
| **Iarmhéid amhail an 31 Nollaig** | | | **219,030** | **204,177** |

**2.2 Sócmhainní Caipitil**

| | Talamh agus foirgnimh | Trealamh TF agus oifige | Troscáin agus feistis | Iomlán |
|---|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| **Ollsócmhainní** | | | | |
| Costas nó luacháil amhail an 1 Eanáir 2014 | 223,063 | 40,282 | 31,653 | 294,998 |
| Breisiúcháin | 7 | 985 | 351 | 1,343 |
| Coigeartú[a] | 26,928 | — | — | 26,928 |
| Diúscairtí | — | (1,057) | (22) | (1,079) |
| Costas nó luacháil amhail an 31 Nollaig 2014 | 249,998 | 40,210 | 31,982 | 322,190 |
| **Dímheas carnach** | | | | |
| Iarmhéid tosaigh amhail an 1 Eanáir 2014 | 30,098 | 37,832 | 28,185 | 96,115 |
| Dímheas don bhliain | 4,316 | 1,090 | 1,256 | 6,662 |
| Dímheas ar choigeartú | 5,386 | — | — | 5,386 |
| Dímheas ar dhiúscairtí | — | (1,054) | (19) | (1,073) |
| Dímheas carnach amhail an 31 Nollaig 2014 | 39,800 | 37,868 | 29,422 | 107,090 |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2014** | **210,198** | **2,342** | **2,560** | **215,100** |
| **Glansócmhainní amhail an 31 Nollaig 2013** | **192,965** | **2,450** | **3,468** | **198,883** |

Déanann Alt 26 den Acht um Sheirbhís Chúirteanna 1998 soláthar don aistriú chuig an tSeirbhís Chúirteanna teidil dhlíthiúil maidir le tailte áirithe agus le foirgnimh áirithe. Dílsíodh Teach Cúirte an Aonaigh i 2014, rud a fhágann líon iomlán de 41 fhoirgneamh dílsithe. Ní dhearnadh aon fhoirgnimh a luacháil i 2014. Faoi láthair tá sé fhoirgneamh ag feitheamh le go ndéanfaí luacháil orthu: Sráid Washington, Cill Chainnigh, an Clochán, Cill Mhantáin, Tulach Mhór, agus an tAonach. Nuair nach ann do luacháil, agus nuair atá foirgneamh athchóirithe, déantar a leithéid d'fhoirgnimh a chaipitliú ag costas, go dtí go ndéantar luacháil orthu.

[a] Léiríonn an coigeartú na costais bhreise a bhaineann le hathchóiriú teach cúirte Shráid Washington.

**2.3 Sócmhainní Caipitil faoi Fhorbairt**

amhail an 31 Nollaig 2014

| | Tionscadail tógála | Feidhmchláir ríomhaire | Iomlán |
|---|---|---|---|
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Suimeanna a tugadh anonn amhail an 1 Eanáir 2014 | 2,233 | 422 | 2,655 |
| Íocaíochtaí airgid thirim don bhliain | 1,232 | 806 | 2,038 |
| Arna aistriú chuig clár na sócmhainní | — | (620) | (620) |
| Coigeartú[a] | (2,203) | — | (2,203) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014 | 1,262 | 608 | 1,870 |

[a] Ní rangaítear Port Láirge, Loch Garman agus an Muileann gCearr mar shócmhainní faoi fhorbairt a thuilleadh, mar gheall gur tionscadail iad anois a chruthaíonn cuid de bheart CPP na Seirbhíse Cúirteanna atá ar bun faoi láthair.

| **2.4 An Banc agus Airgead Tirim** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Iarmhéideanna agus airgead an PMG | (360) | 102 |
| Cuntais bhainc thráchtála[a,b] | 1,258 | 2,121 |
| | 898 | 2,223 |

[a] Cuirtear iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála i láthair ar leithligh agus athaicmíodh an figiúr comparáideach.

[b] Áirítear mar chuid d'iarmhéid an chuntais bhainc thráchtála €196,000 i 2014 (2013: €738,000) i dtaca le cuntas bainc thráchtála a fheidhmítear ag an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais – Seirbhísí Comhroinnte Airgeadais.

Ba é luach iomlán an iarmhéid bhainc don bhliain dar deireadh 2014 i gCóras Cuntasaíochta na gCúirteanna ná €7.5 milliún agus níl sé san áireamh i Nóta 2.4 ós rud é gurb é atá san iarmhéid go príomha ná maoiniú neamhStátchiste a bhaineann le lóisteálacha cothabhála faoin dlí Teaghlaigh, le lóisteálacha airgid bhannaí agus fáltais bhosca na mbocht.

Tá cuntais bhainc eile ag oifigí na gCúirteanna Cuarda nach bhfuil san áireamh i Nóta 2.4. Bhí iarmhéid ann ar na cuntais seo de €938,043 ag deireadh 2014. Airgead bannaí nár éilíodh a bhí i gceist le €220,947 den iarmhéid seo, agus baineann an chuid eile le hairgead sibhialta le haghaidh fáltas Tiarna Talún agus Tionónta, agus le hiarmhéideanna i gcuntais chiste dhíomhaoin.

| **2.5 Stoic** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Páipéarachas | 172 | 171 |
| Tomhaltáin | 32 | 38 |
| Ilghnéitheach | 20 | 19 |
| | 224 | 228 |

| **2.6 Iarmhéideanna Dochair Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Réamhíocaíochtaí leis an OOP | 1,115 | 919 |
| Cuntas fionraí párolla (Pá-chonair) | 745 | — |
| Tuarastail a fhorchúitimh | 86 | 98 |
| Earraí fionraí fiachais eile | 137 | 44 |
| Óinchistí | 9 | 8 |
| | 2,092 | 1,069 |

| **2.7 Iarmhéideanna Creidmheasa Eile** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Suimeanna a bhí dlite don Stát | | |
| Cáin Ioncaim | 723 | 715 |
| Seirbhísí Gairmiúla a Shiarchoinneáil Cáin | 21 | 43 |
| Cáin Bhreisluacha | 51 | 31 |
| Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta | 283 | 271 |
| Cuntais cúirte | 1,062 | 1,384 |
| | 2,140 | 2,444 |
| Asbhaintí párolla a coimeádadh ar fionraí | 318 | 322 |
| Earraí eile fionraí creidmheasa | 2 | 2 |
| | 2,460 | 2,768 |

| **2.8 Glandliteanas leis an Státchiste** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |
| | | |
| Barrachas le forghéilleadh | 1,429 | 515 |
| Deontas an Státchiste nár tarraingíodh | (899) | 9 |
| Glandliteanas leis an Státchiste | 530 | 524 |
| | | |
| **Arna léiriú ag:** | | |
| | | |
| **Féichiúnaithe** | | |
| An Banc agus airgead tirim | 898 | 2,223 |
| Iarmhéideanna dochair: Fionraí | 2,092 | 1,069 |
| | 2,990 | 3,292 |
| **Creidiúnaithe** | | |
| Dlite don Stát | (2,140) | (2,444) |
| Iarmhéideanna sochair: fionraí | (320) | (324) |
| | (2,460) | (2,768) |
| | | |
| | 530 | 524 |

| **2.9 Ceangaltais** | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| amhail an 31 Nollaig | **€000** | **€000** |

**(a) Ceangaltais dhomhanda**

| | | |
|---|---|---|
| Iomlán na gceangaltas atá infhorfheidhmithe le dlí | 39,262 | 41,077 |

**(b) Ceangaltais Ilbhliantúla chaipitil**

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2013**[a] | **Caiteachas** | **Blianta ina dhiaidh seo** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| **Tionscadal** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Athchóiriú tithe cúirte Shráid Washington | 8,905 | 1,380 | 14,715 | 25,000 | 25,000 |

[a] Fágann an caiteachas go deireadh 2013 íocaíocht de €1.2 milliún as a rinneadh do Chomhairle Chathair Chorcaí i 2006 do ghlanadh an chuntais deiridh d'athchóiriú Shráid Washington.

**(c) Costas caipitiúil an tionscadail Chomhphháirtíochta Príobháidí Poiblí**

| | | | | 2014 | 2013 |
|---|---|---|---|---|---|
| | **Caiteachas a fhad leis an 31 Nollaig 2013** | **Caiteachas** | **Ceangaltais atá infhorfheidhmithe le dlí atá le comhlíonadh i mblianta ina dhiaidh seo** | **Iomlán** | **Iomlán** |
| **Ainm an Tionscadail CPP** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| Coimpléasc na gCúirteanna Coiriúla | 33,166 | 4,943 | 138,988 | 177,097 | 177,097 |

**2.10 Dliteanais Aibithe**

Ní raibh aon dliteanais aibithe neamhscaoilte ann amhail dheireadh na bliana nó sa bhliain roimhe sin.

# 3 Caiteachas Clár de réir Fotheidil

| | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | **2014** | **2013** |
| | | | **Soláthar meastacháin** | | **Toradh** | **Toradh** |
| **A** | **Na Cúirteanna a Bhainistiú agus Tacú leis na Breithiúna** | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| A.1 | Riarachán - pá | | | 47,679 | 47,139 | 49,012 |
| A.2 | Riarachán - neamhphá | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 29,843 | | | |
| | | *Forlíontach* | 2,866 | 32,709 | 30,942 | 32,889 |
| A.3 | Tithe cúirte (oibreacha caipitiúla) | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 5,880 | | | |
| | | *Forlíontach* | (1,365) | 4,515 | 4,456 | 2,506 |
| A.4 | Costais CPP | | | | | |
| | | *Bunaidh* | 21,163 | | | |
| | | *Forlíontach* | 687 | 21,850 | 22,862 | 20,240 |
| | | | | 106,753 | 105,399 | 104,647 |

**Éagsúlachtaí shuntasacha**

Ar an iomlán, bhí an t-ollchaiteachas maidir leis an gclár €1.35 milliún níos ísle ná mar a soláthraíodh. Bhí seo go príomha mar thoradh ar an méid a leanas:

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Riarachán - neamhphá | 1,767 | Lorgaíodh an meastachán forlíontach de €2.87 milliún an chéaduair le riachtanais bhreise a mhaoiniú do roinnt tionscadal bunriachtanach TEC, lena n-áirítear cur i bhfeidhm an Achta Fhíneálacha agus bunú na Cúirte Achomhairc. Ina theannta sin, ba ann do riachtanais bhreise a bhain le hoibreacha cothabhála i dtithe cúirte éagsúla, chomh maith le méaduithe ó thaobh costas fóntais de agus ó thaobh costas taistil agus liúntais chothaithe de mar gheall ar líon méadaithe suíonna cúirte. Faoi mar a tharla, rinneadh coigilteas de €1.8 milliún, go príomha mar gheall ar ghannchaiteachais ar áitribh oifige de €1.3 milliún, a bhain le líon beag tionscadal cothabhála tithe cúirte nach raibh curtha i gcrích faoi dheireadh na bliana agus neamhíocaíocht léis mar gheall ar cheist imréitigh cánach. |
| Tithe cúirte (oibreacha caipitiúla) | 59 | Níor cuireadh roinnt tionscadal caipitil i gcrích faoi mar a bhí beartaithe. Dá thoradh sin, bhí an caiteachas i 2014 €1.4 milliún níba lú ná mar a ndearnadh soláthar dó an chéaduair. Laghdaíodh an buiséad faoi €1.37 milliún sa mheastachán forlíontach. |
| Costais CPP | (1,012) | Lorgaíodh an meastachán forlíontach de €0.69 milliún an chéaduair le riachtanais bhreise a mhaoiniú, lena n-áirítear méaduithe san aisíocaíocht bhliantúil mar gheall ar innéacsú. Tharla an farasbarr ina dhiaidh sin mar gheall ar íocaíocht táillí a bhain le tréimhse mhí na Samhna roimh dheireadh na bliana airgeadais. Go ginearálta, tá na costais CPP sách seasta ach is ann do roinnt forálacha conartha, lena n-áirítear na costais sin a bhaineann le hárachas agus le do-úsáidteacht nach mór iad a mheas sular féidir íocaíocht a dhéanamh agus dá bharr sin is féidir go mbeidh dáta cruinn na n-íocaíochtaí éagsúil ó bhliain go bliain. |

# 4 Fáltais

| **4.1 Leithreasaí i gcabhair** | | | **2014** | | **2013** |
|---|---|---|---|---|---|
| | | | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | | **€000** | **€000** | **€000** | **€000** |
| 1 Táillí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 42,493 | | | |
| | *Forlíontach* | 1,537 | 44,030 | 44,302 | 42,165 |
| 2 Ilghnéitheach | | | | | |
| | *Bunaidh* | 1,542 | | | |
| | *Forlíontach* | 500 | 2,042 | 1,869 | 1,809 |
| 3 Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | | | | | |
| | *Bunaidh* | 2,500 | | | |
| | *Forlíontach* | 150 | 2,650 | 2,626 | 2,864 |
| **Iomlán** | | | **48,722** | **48,797** | **46,838** |

**Míniú ar éagsúlachtaí suntasacha**

Cuirtear míniú ar fáil thíos i gcás gach fotheidil ina raibh an toradh éagsúil ón méid measta de bhreis ar €100,000, agus de bhreis ar 5%.

| **Sainiú** | **Níos lú/(níos mó) ná mar a soláthraíodh €000** | **Míniú** |
|---|---|---|
| Táillí | (272) | Méadaíodh meastachán 2014 faoi €1.5 milliún de thoradh ar mheastachán forlíontach a faomhadh ag an Dáil a d'eascair mar gheall ar ioncam breise táillí a fuarthas de thoradh ar athrú sna hOrduithe Táillí agus de thoradh ar athrú dlínse i 2014. Sháraigh fáltais iarbhíre sa bhliain an buiséad athbhreithnithe de bheagán. |
| Ilghnéitheach | 173 | Méadaíodh sprioc 2014 faoi €500,000 mar chuid den mheastachán forlíontach mar gheall ar fháltais mhéadaithe ionchais. Taifeadadh sprioceasnamh beag faoi ioncam ilghnéitheach ag deireadh na bliana. |
| Fáltais ó asbhaint phinseanbhainteach ar luach saothair na seirbhíse poiblí | 24 | Méadaíodh sprioc 2014 faoi €150,000 de thoradh ar mheastachán forlíontach. D'eascair an sprioceasnamh beag mar gheall ar an deacracht ghinearálta a bhaineann le tuar cruinn a thabhairt maidir le gluaiseacht fhoirne, scoir de dheasca dul in aois san áireamh chomh maith le luathscoir, agus mar gheall ar earcú foirne le cuid de na folúntais seo a líonadh. |

**4.2 Fáltais bhreise atá iníoctha leis an Státchiste**

| | 2014 | | 2013 |
|---|---|---|---|
| | **Measta** | **Réadaithe** | **Réadaithe** |
| | **€000** | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — | — |
| Fíneálacha faoin Acht um Thrácht ar Bhóithre[a] | 7,032 | 6,889 | 6,807 |
| Fíneálacha eile[a] | 3,960 | 4,234 | 4,879 |
| Fáltais eile[b] | — | 158 | 88 |
| An t-iomlán a aistríodh | (10,992) | (11,281) | (11,774) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig | — | — | — |

[a] Bíonn fáltais fíneálacha lasmuigh de smacht na Seirbhíse Cúirteanna den chuid is mó agus braitheann siad ar ghearradh fíneálacha ag na Cúirteanna, agus forfheidhmiú ag an nGarda Síochána.

[b] Tá cistí á gcoimeád ag Oifig Chuntasóir na gCúirteanna Breithiúnais ón gCuntas Leachtaithe Cuideachtaí ar feadh seacht mbliana sula n-íoctar iad leis an Roinn Airgeadais. Baineann fáltais 2014 le cistí a cuireadh i dtaisce in 2006.

**4.3 Fíneálacha agus táillí a bailíodh thar ceann Ranna eile**

Rinneadh íocaíochtaí díreacha do na ranna seo a leanas maidir le fíneálacha agus le táillí a bailíodh ag an tSeirbhís Chúirteanna ar a son i 2014.

| | **2014** | **2013** |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Iarmhéid amhail an 1 Eanáir | — | — |
| Na Coimisinéirí Ioncaim | | |
| Fíneálacha na gCoimisinéirí Ioncaim[a] | 1,885 | 1,761 |
| Dleacht Máil[b] | 5,150 | 5,500 |
| An Roinn Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha | 19 | 97 |
| An Roinn Talmhaíochta, Iascaigh agus Bia | 216 | 210 |
| An t-iomlán a aistríodh | (7,270) | (7,568) |
| Iarmhéid amhail an 31 Nollaig 2014 | — | — |

[a] Baineann an t-airgead a bailíodh le fíneálacha cúirte a ghearrtar nuair is iad na Coimisinéirí Ioncaim an t-ionchúisitheoir.

[b] Baineann an t-airgead a bailíodh le táillí ar roinnt iarratais ar cheadúnú, ar nós uaireanta oscailte a shíneadh agus orduithe díolúine speisialta a fhaigheann an tSeirbhís Chúirteanna thar ceann na gCoimisinéirí Ioncaim.

# 5 Líonta agus Pá Fostaithe

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| **Líon na foirne amhail dheireadh na bliana** (coibhéisí lánaimseartha) | 927 | 927 |

| | 2014 €000 | 2013 €000 |
|---|---|---|
| Pá | 43,328 | 45,133 |
| Liúntas níos airde, speisialta nó dualgas breise | 32 | 27 |
| Liúntais eile | 1,045 | 1,035 |
| Ragobair | 236 | 289 |
| ÁSPC Fostóra | 2,498 | 2,528 |
| **Pá Iomlán** | **47,139** | **49,012** |

**5.1 Liúntais agus Íocaíochtaí Ragoibre**

| | Líon faighteoirí | Faighteoirí €10,000 nó níos mó | Íocaíocht uasta aonair 2014 € | Íocaíocht uasta aonair 2013 € |
|---|---|---|---|---|
| Dualgais níos airde, speisialta nó bhreise | 18 | — | 4,200 | 5,275 |
| Liúntais eile | 286 | 15 | 19,585 | 19,585 |
| Ragobair | 163 | 5 | 20,861 | 22,108 |

Fuair roinnt daoine luach saothair breise i mbreis agus catagóir amháin.

**5.2 Socruithe Eile Luach Saothair**

San iomlán íocadh €15,232 i 2014 do bheirt státseirbhíseach ar scor atá ag fáil pinsean státseirbhíse is a fostaíodh ar feadh tréimhse gairide le linn 2013 agus 2014. Suim phárolla de €7,078 agus suim thaistil agus liúntais chothaithe de €8,154 atá i gceist leis an méid seo. Cuireadh an riail laghdaithe phinsin i bhfeidhm de réir Alt 52 den Acht um Phinsin Seirbhíse Poiblí (Scéim Aonair agus Forálacha Eile) 2012.

**5.3 Costais Fhorchúitithe**

Forchúitíodh costais tuarastail €796,316 ó bhinsí agus ó ranna rialtais maidir le comhaltaí foirne a bhí ar iasacht.

**5.4 Ró-íocaíochtaí tuarastail**

Ba é iarmhéid na ró-íocaíochtaí párolla a bhí gan íoc ag 31 Nollaig 2014 ná €58,606 (2013: €85,283).

# 6 Ilghnéitheach

### 6.1 Cúiteamh agus Costais Dlí Tríú Páirtí

B'ionann na híocaíochtaí iomlána maidir le costais dlí tríú páirtí agus costais cúiteamh €379,666. Áirítear orthu seo costais a bhaineann le himeachtaí athbhreithnithe bhreithiúnaigh mar a raibh an tSeirbhís Chúirteanna ina pháirtí ina leithéid d'imeachtaí, agus íocaíochtaí maidir le gníomhartha ar pléadh leo ag an nGníomhaireacht um Éilimh ar an Stát ar luach €287,782.

| | 2014 | 2013 |
|---|---|---|
| | **€000** | **€000** |
| Gníomhaireacht Eilimh ar an Stát | 288 | 103 |
| Costais dlí tríú páirtí | 76 | 74 |
| Costais chúitimh | 16 | 23 |
| | **380** | **200** |

### 6.2 Cuachadh CPP na Seirbhíse Cúirteanna

I Mí Iúil 2012 d'fhógair an Rialtas pacáiste infheistíochta a chuimsíonn seacht dtionscadal tithe cúirte, mar seo a leanas: Loch Garman, An Muileann gCearr, Port Láirge, Luimneach, Corcaigh, Leitir Ceanainn agus Droichead Átha. Tá na tionscadail seo á soláthar ar bhonn Comhpháirtíochta Príobháidí Poiblí (CPP) agus tá an tSeirbhís Chúirteanna ag obair leis an Roinn Dlí agus Cirt agus Comhionannais, leis an Oifig Oibreacha Poiblí (OOP) agus leis an nGníomhaireacht Náisiúnta Forbartha Airgeadais leis na tionscadail seo a chur chun cinn. Táthar ag coinne leis go mbeidh conradh i bhfeidhm i dtaca leis na tionscadail seo roimh dheireadh 2015.